# CLG do Chách

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi chomórtas idirnáisiúnta paraliathróide talún (*Parafloorball*), ina mbeidh imreoirí ó Chumann Lúthchleas Gael do Chách (*GAA for All*) ag glacadh páirte. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile.

1. An féidir libh na cluichí Gaelacha ar fad a ainmniú?
2. An dtaitníonn na cluichí sin leat? Cén fáth?
3. Cén tábhacht a bhaineann leis an gCumann Lúthchleas Gael, dar leat?
4. Cad atá i gceist le *GAA for All* nó Cumann Lúthchleas Gael do Chách, dar leat?
5. Cén cineál spóirt í an iománaíocht / camógaíocht cathaoireacha rothaí, dar leat?




# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *tournament* | |
| b) *20* | |
| c) *achievement* | |
| d) *overseas* | |
| e) *ice hockey* | |
| f) *goal* | |
| g) *hurley* | |
| h) *over a period of three days* | |
| i) *spirit, enthusiasm* | |
| j) *disability* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? ________________________________________

3. Scríobh ainmneacha na gcúigí sna spásanna agus meaitseáil na bratacha leis na cúigí cuí.




1. Cúige ____________
2. Cúige ____________
3. Cúige ____________
4. Cúige ____________



4. Cén Ghaeilge atá ar na tíortha thíos?

| | | |
|---|---|---|
| *USA* | *Switzerland* | *The Czech Republic* |
| | | |
| *Sweden* | *Belgium* | *The Netherlands* |
| | | |

# C: TUISCINT

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Freagraígí na ceisteanna thíos le chéile:

1. Cad é an mórchomórtas a bheidh ar siúl san Ollainn?

2. Cén fhoireann a bheidh ag dul ann ó Éirinn?

3. Cén fáth a ndeir Gearóid Mac Conmara go bhfuil an comórtas seo speisialta?

4. Conas a dhéanfá cur síos ar an gcluiche paraliathróide talún?

5. Cén fhad a mhairfidh an mórchomórtas?

6. Cad a deir Tanya Roberts Browne faoin bhfoireann?






# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (Na tíortha)

a) An ainmfhocail bhaininscneacha nó fhirinscneacha iad na tíortha **den chuid is mó**? 'An Ghearmáin' mar shampla!

______________________________________________

b) Líon na bearnaí anois leis an bhfoirm cheart de gach tír sa tuiseal ginideach uatha.

| |
|---|
| Itheann muintir _______________ (an Fhrainc) a lán cáise. |
| Ar bhlais tú sceallóga prátaí _______________ (an Bheilg) riamh? |
| Is breá leis an bhfear sin Stócólm _______________ (an tSualainn). |
| Beidh an fhoireann ag dul chun _______________ (an Ollainn). |
| Ní thaitníonn bia _______________ (an Spáinn) liom. |
| Tá clú agus cáil ar chluichí Gaelacha _______________ (Éire) ar fud an domhain. |
| Bhí foireann _______________ (an Eilvéis) ag imirt in aghaidh _______________ (an Iodáil). |
| Tá tírdhreach _______________ (an Iorua) go hálainn ar fad. |
| Tá misneach ag uachtarán _______________ (an Úcráin). |

## 2: Cruinneas gramadaí (An tuiseal gairmeach)

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na samplaí thíos den tuiseal gairmeach. Pléigí na ceisteanna le chéile ansin.

**a chairde** **a chréatúr** **a Sheáin** **a Shiobhán**

a) Cathain a úsáidtear an tuiseal gairmeach?

b) Cad iad na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar ainmfhocail sa tuiseal gairmeach? Bainigí úsáid as na samplaí sa tábla chun na rialacha a léiriú. Tá an chéad cheann déanta.

| | |
|---|---|
| **a** c**h**airde | cuirtear 'a' + séimhiú ar ainmfhocail san iolra. Má chríochnaíonn ainmfhocail ar chonsan caol san iolra, áfach, cuirtear 'a' le foirm an ainmnigh: a fheara. |
| a chréatúr | |
| a Sheáin | |
| a Shiobhán | |

# E: CUMARSÁID

## 1: Scríobh


Bígí ag obair i ngrúpaí agus tugaigí faoi na tascanna thíos le chéile.

### Céim 1

Beidh tuairisc le déanamh agaibh ar TG4 ar ball beag, ag cur síos ar an mórchomórtas paraliathróide talún a bheidh ar siúl san Ollainn go luath. Ní bheidh ach 40 soicind agaibh ar an aer, áfach, agus dá bhrí sin beidh oraibh script níos giorra a scríobh (achoimre na míre). Scríobhaigí an script le chéile anois agus bígí cinnte na pointí is tábhachtaí a lua.

### Céim 2

Cumaigí ceannlíne don tuairisc.



## 2: Caint

### Céim 1

Roghnaígí duine amháin ón ngrúpa chun an tuairisc a léamh amach mar a bheadh láithreoir TG4 ann. Déanaigí taifead ar an tuairisc ar ghuthán póca. Scríobhaigí ceannlíne bhur dtuairisce ar an gclár agus cuirigí an taifead ar siúl don rang iomlán.

### Céim 2

Pléigí na ceisteanna seo a leanas leis na daoine sa ghrúpa.

- ✓ Cén tábhacht a bhaineann leis an CLG do Chách, i do thuairim?
- ✓ An aontaíonn tú gur eagraíocht ionchuimsitheach an Cumann Lúthchleas Gael?
- ✓ An gceapann tú gur tír ionchuimsitheach í Éire, den chuid is mó?

# AN SCRIPT

**Ruairí Mac Con Iomaire**
Cluichí Gaelacha ar dtús tráthnóna, a chairde, agus tá foireann Iomána Cathaoir Rotha[1] na hÉireann ar a mbealach chun na hOllainne faoi láthair, an gcreidfeá? Áit a nglacfaidh siadsan páirt amárach i mórchomórtas idirnáisiúnta liathróide talún nó *Parafloorball*, mar a thugtar air. Cluiche idirnáisiúnta cathaoir rotha[2] atá ann, atá an-chosúil go deo leis an gcód cathaoir rotha[3] den iomáint agus den chamógaíocht atá againn sa tír seo.

Scór imreoirí ó cheithre chúige na tíre seo atá ag tabhairt aghaidh ar an Ollainn faoi láthair do mhórchomórtas idirnáisiúnta an *Parafloorball*. Agus imreoirí a bhíonn go hiondúil ag coraíocht in aghaidh a chéile dá bhfoirne réigiúnacha féin, anois tagtha le chéile faoi bhrat na hÉireann, féachaint gaisce a dhéanamh thar toinn.

**Gearóid Mac Conmara, Coiste Náisiúnta 'GAA for All'**
Is ócáid ana-speisialta[4] í mar ní bhíonn imreoirí Éireann ábalta a bheith ag imirt le haghaidh na tíre go minic agus seo ócáid ana-speisialta do na himreoirí seo. Seo an tríú huair go bhfuilimid ag tógáil páirt sa chomórtas seo agus beimid ag imirt in aghaidh sé thír eile – *USA*, *Switzerland*, *Czech Republic*, *Sweden*, *Belgium* agus *Netherlands*. Agus tá na himreoirí ag traenáil le mí anuas agus tá siad ag éirí níos eolaí faoin gcluiche.

**Ruairí Mac Con Iomaire**
Seisear a bhíonn ar an bhfoireann – cúl báire agus cúigear eile amuigh – beagán cosúil le haca oighir i halla; agus an cúl scoite amach ó chúl na cúirte nó gur féidir dul timpeall air. Agus balla teorann beag ar an gcúirt a choinníonn an liathróid san imirt.

**Gearóid Mac Conmara, Coiste Náisiúnta 'GAA for All'**
An dá dhifríocht is mó ná an bata imeartha – tá sé i bhfad níos faide ná an camán a úsáideann siad sa bhaile. Agus an cúl – tá sé i bhfad níos caoile, *narrow*, ná an cúl a bhíonn siad ag úsáid in iománaíocht / camógaíocht (cathaoireacha) rothaí.

**Ruairí Mac Con Iomaire**
Beidh ocht gcluiche ag foireann na hÉireann thall, thar thréimhse trí lá ón Déardaoin go Satharn agus súil acu a gcuid scileanna agus a ndíocas a léiriú don domhan mór.

**Tanya Roberts Browne, Cathaoirleach 'GAA for All'**
Tá mé chomh bródúil as an bhfoireann[5] seo – tá an scil agus an paisean atá acu dochreidte, agus tá an deis iontach acu imirt go hidirnáisiúnta – seo bród, seo *GAA for All*.

**Gearóid Mac Conmara, Coiste Náisiúnta 'GAA for All'**
Tá Cumann Lúthchleas Gael ag cur chun cinn go minic go bhfuil páirt ag gach duine sa Chumann Lúthchleas Gael – cumas nó míchumas.

---

[1] *Iománaíocht agus Camógaíocht Cathaoireacha Rothaí* an teideal Oifigiúil
[2] cluiche idirnáisiúnta cathaoireacha rothaí a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] cód cathaoireacha rothaí a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil
[4] an-speisialta a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil
[5] *bródúil don fhoireann* a dúradh

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| *tournament* | *mórchomórtas (nó ilchomórtas)* |
| *20* | *scór* |
| *achievement* | *gaisce* |
| *overseas* | *thar toinn* |
| *ice hockey* | *haca oighir* |
| *goal* | *cúl* |
| *hurley* | *camán* |
| *over a period of three days* | *thar thréimhse trí lá* |
| *spirit, enthusiasm* | *díocas* |
| *disability* | *míchumas* |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B'fhéidir go raibh leagan eile de na focail acu.
3. Freagraí:




4. Freagraí:

| | | |
|---|---|---|
| *USA* | *Switzerland* | *The Czech Republic* |
| Na Stáit Aontaithe | An Eilvéis | Poblacht na Seice |
| *Sweden* | *Belgium* | *The Netherlands* |
| An tSualainn | An Bheilg | An Ísiltír / An Ollainn |

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (Na tíortha)

a) Bíonn na tíortha baininscneach de ghnáth.
b) Freagraí:

| |
|---|
| Itheann muintir **na Fraince** a lán cáise. |
| Ar bhlais tú sceallóga prátaí **na Beilge** riamh? |
| Is breá leis an bhfear sin Stócólm **na Sualainne**. |
| Beidh an fhoireann ag dul chun **na hOllainne**. |
| Ní thaitníonn bia **na Spáinne** liom. |
| Tá clú agus cáil ar chluichí Gaelacha **na hÉireann** ar fud an domhain. |
| Bhí foireann **na hEilvéise** ag imirt in aghaidh **na hIodáile**. |
| Tá tírdhreach **na hIorua** go hálainn ar fad. |
| Tá misneach ag uachtarán **na hÚcráine**. |

## 2: Cruinneas gramadaí (An tuiseal gairmeach)

a) Úsáidtear an tuiseal gairmeach nuair a bhíonn muid ag caint le daoine.
b) Freagraí:

| | |
|---|---|
| a chairde, a mhúinteoirí, a fheara | cuirtear 'a' + séimhiú ar ainmfhocail san iolra. Má chríochnaíonn ainmfhocail ar chonsan caol san iolra, áfach, cuirtear 'a' le foirm an ainmnigh: a fheara. |
| a chréatúr, a phobal | cuirtear 'a' + séimhiú ar ainmneacha ceana agus ar chnuasainmneacha, ní dhéantar aon athrú eile. |
| a Sheáin, a Chathail | cuirtear 'a' + séimhiú ar ainmneacha fear agus caolaítear iadsan atá sa chéad díochlaonadh (sin an chuid is mó d'ainmneacha fear). |
| a Shiobhán, a Aisling | cuirtear 'a' + séimhiú nuair is féidir ar ainmneacha ban, ní dhéantar aon athrú eile. |

# E. CUMARSÁID

## 1: Scríobh

**Céim 1**

Caithfidh siad script ghearr a scríobh bunaithe ar an mír.

**Céim 2**

Caithfidh siad ceannlíne a chumadh.

## 2: Caint

**Céim 1**

Iarr orthu an script a scríobh siad a léamh amach ar nós láithreoir TG4 agus é a thaifeadadh ar ghuthán póca. Caithfidh siad ansin an ceannlíne a scríobh ar an gclár agus an taifead a sheinm don rang iomlán.

**Céim 2**

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé sna grúpaí ar dtús, sula bpléifidh tusa leis an rang iomlán iad.